V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10723 – BROOKFIELD / JINDAL GROUP / JINDAL PLASTIC FILMS BUSINESS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 221/06)

1. An 25 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Project Holdings Fourteen (DIFC) Limited ("Brookfield Project Holdings", Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), faoi rialú Brookfield Asset Management Inc. ("Brookfield", Ceanada),

— Jindal Poly Films Limited ("JPFL", an India), cuid de B.C. Jindal Group ("Jindal Group"),

— Gnó scannán plaisteacha de chuid Jindal ("Jindal Plastic Films Business", an India), faoi rialú Jindal Group faoi láthair.

Gheobhaidh Brookfield agus Jindal Group rialú comhpháirteach ar Jindal Plastic Films Business de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí aistriú sócmhainní agus trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, ar cuideachta í atá ina comhfhiontar, atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir sócmhainní domhanda é Brookfield a chuireann réimse táirgí agus seirbhísí infheistíochta poiblí agus príobháideacha ar fáil. Díríonn sé ar réadmhaoin, bonneagar, cumhacht inathnuaite agus cothromas príobháideach,

— Is grúpa cuideachtaí é Jindal Group atá gníomhach ar leibhéal domhanda i bpíopaí cruach agus feistis píobáin, scannáin phacáistithe, giniúint cumhachta, stiallacha cruach fuar-rollta, leatháin ghalbhánaithe agus táirgí eile,

— Tá Jindal Plastic Films Business gníomhach i scannáin phlaisteacha solúbtha le húsáid i dtáirgeadh pacáistithe solúbtha a mhonarú agus a mhargú agus i sliseanna teireataláite poileitiléine (PET) a mhonarú agus a mhargú, go príomha san India.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10723 – BROOKFIELD / JINDAL GROUP / JINDAL PLASTIC FILMS BUSINESS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.